

AN TSÚIL

Cloch na súile an spoitín beag bídeach dubh i lár na súile.

Glas na súl =iris (timceall ar an gcluich).

Gealacán an chuid gheal.

Tá sé ar an amarc=ar ghlas na súl.

Filleadh lid.

Foradh lash.

Mogul an rud atá ag clúdach na súl – socket amach as mogul

na súl atá an foradh fásta.

Blaosg na sróine edge

Cogal na sróine an cnámh idir an dá polláire.

Úir bhéal an béal uachtair crochta san gcaoi nach dtagann an dá

bhéal ar a chéile.

Deor aille silt uisge ón aill.

Is glaise é ná an deor aille.

Ná comhair (comhaireamh) d'isin go dtugidh siad amach.

3/c/21. no.117.

Isean.

Ní lia tír ná gnás.

Dhéanfá iongantas dhe.

Meadhon Fhogmhair 1927.

16 ADH LÁ.

Ag dul go h-Áth Cinn dom indiu chonnaiceas easóg i lár an bhóthair agus rud níos toirteamhla ná é féin ghá sháth roimhe treasna an bhóthair ón taobh thoir go dtí an taobh thiar. Bhí fuadar faoi'n easóg mar bhí an cár ag teacht air. Go díreach mar tháinig an cár suas léithe d'fhág sí an rud marbh ar chrús an bhóthair agus d'imthigh thar claidhe isteach. Coinín óg marbh a bhí aice. An coinín có toirteamhail léithe féin faoi dhó. Is cosúil gur mharbhuigh sí an coinín san gcoill ar an taobh thoir den bhóthar, gur iomchar agus gur sháth sí an coinín as an gcoill treasna an bhothair go dtí an taobh thiar. Go dtí an nead a bhí sí ghá thabhairt le haghaidh an áil.

Galán.

18 ADH LÁ.

Thuit snáthad mór agus (wasp) fotha anuas ar an gcosán os comhair an tighe agus iad i ngreim ina chéile. Snáthad dearg a bhí ann agus thuit sé ar a dhruim, bhí an fotha anuas air agus é ag gabhail ann. Bhí an-ghleo gá dhéanamh aca, agus an tsnáthad ag iarraidh a chur de. Thóg mo bhean an fotha de agus d'éag an tsnáthad ar ball.

78

Cuireadh a Loirg.

Her footsteps were traced. Cuireadh a bholadh traced by scent

oidhche na feilire partleméid (san) Sept.4.

Bíonn aonach ar an lá sin.

Ní bhíodh i nGaillimh fadó ach an dá aonach –aonach na feile

Partleméid agus aonach na fatha Bealtaine 1,2.

(ar an bhFatha Mór)

Focal a chur ar bhairrle to engage a barrel.

Geall sé muc do Mhártan is iomdha feilméara a gheall bullán do Mhártan. (Naomh Martan).